C/2025/2757

14.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11910 — MAPFRE / VAS / MAWDY SERVICES / VSL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2757)

1. An 2 Bealtaine 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mapfre Asistencia, Compañia Internacional de Seguros y Reaseguros S.A. (**'MAPFRE'**, an Spáinn), atá faoi rialú Fundación MAPFRE (an Spáinn),

— Vittoria Assicurazioni S.p.A. (**'VAS'**, an Iodáil), atá faoi rialú Yafa S.p.A. (an Iodáil), cuideachta atá faoi réir rialú díreach deiridh de dhuine nádúrtha.

Gheobhaidh MAPFRE agus VAS rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar MAWDY Services S.p.A ('MAWDY Services') agus Vittoria Servizi Legali S.r.l. ('VSL') (le chéile, na 'Comhfhiontair').

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna sna comhfhiontair.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta Spáinneach **MAPFRE** atá gníomhach sna hearnálacha árachais agus athárachais ar fud an domhain. Tá sé faoi rialú deiridh Fundación MAPFRE, cuideachta a dhéanann gníomhaíochtaí neamhbhrabúsacha leasa ghinearálta i réimsí amhail cultúr, cur chun cinn na sláinte, cosc, sábháilteacht ar bhóithre, árachas, agus cosaint shóisialta,

— Is cuideachta Iodálach **VAS** atá gníomhach sna hearnálacha árachais agus athárachais.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na gcomhfhiontar:

— Is cuideachta Iodálach **MAWDY Services** atá faoi rialú MAPFRE faoi láthair, agus tá sé gníomhach go príomha i ndáileadh árachais agus mar sholáthraí seirbhísí cúnaimh in earnálacha éagsúla. Soláthraíonn MAWDY services réitigh bhainistíochta sheachfhoinsithe freisin le haghaidh na n-earnálacha mótarfheithiclí agus árachais,

— Is cuideachta Iodálach **VSL** atá faoi rialú indíreach VAS faoi láthair. Tá VSL gníomhach freisin i soláthar seirbhísí digiteacha, lena n-áirítear in earnáil an chúraim sláinte (trí ComeStai S.p.A) agus san earnáil dlí (trí EasyLegal S.r.l.).

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11910 — MAPFRE / VAS / MAWDY SERVICES / VSL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË